C/2025/2999

27.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11985 – KKR / TMUS / USI / RIDGEVIEW / JKT HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2999)

1. An 19 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KKR & Co. Inc. ('KKR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— T-Mobile USA, Inc. ('TMUS', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Deutsche Telekom AG (an Ghearmáin),

— U.S. Internet Corp. ('USI', Stáit Aontaithe Mheiriceá), Ridgeview, Inc. ('Ridgeview', Stáit Aontaithe Mheiriceá), agus JKT Holdings, Inc. ('JKT Holdings', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh KKR agus TMUS comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar USI, Ridgeview agus JKT Holdings.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas,

— Is oibreoir teileachumarsáide gan sreang é TMUS a sholáthraíonn seirbhísí clúdaigh, gutha, teachtaireachtaí agus sonraí ar fud na tíre i Stáit Aontaithe Mheiriceá, Pórtó Ríce agus Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe,

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó USI, Ridgeview agus JKT Holdings: seirbhísí snáithíní idirlín agus seirbhísí comhshuímh iompróir-neodracha a sholáthar i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.11985 – KKR / TMUS / USI / RIDGEVIEW / JKT HOLDINGS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË